Polasaí Iompair

Baineann an polasaí seo le scoláirí an choláiste, foireann na scoile agus tuismitheoirí.

Aidhmeanna:

- Dea-iompar a chothú.
- Cearta a chosaint.
- Sláinte agus Sábháilteacht a chinntiú.
- Cothrom na féinne a thabhairt do gach duine.
- Timpeallacht atá fábhrach don fhoghlaim agus don teanga a chothú.
- Bulaíocht a sheachaint.

Caighdeán Iompair:

Bainfidh na scoláirí tairbhe as a gcuid oideachais agus beidh siad sona i dtimpeallacht struchtúrtha chomhbhách, áit a n-éilítear caighdeáin arda iompair agus áit a gcloítear leo.

- Ba cheart do gach ball de phobal na scoile iad féin a iompar ar bhealach a léiríonn meas ar dhaoine eile.
- Tá sé de cheart ag gach scoláire a bheith ag foghlaim agus ag gach múinteoir bheith ag teagaisc. Níl sé de cheart ag aon scoláire cur as do sin trí mhí-iompair.
- Tá Coláiste Cholmcille ag súil go léireoidh pobal na scoile na luachanna dearfacha seo a leanas agus iad i mbun a gcuid oibre:
    - Meas a bheith ort féin, ar dhaoine eile agus ar mhaoin daoine eile.
    - Cineáltas agus toilteanas cuidiú le daoine eile.
    - Cúirtéis agus dea-bhéasaíocht.
    - Cothroime.
    - Maithiúnas.
    - A bheith réidh le bealaí urramacha a úsáid chun deacrachtaí agus coimhlint a réiteach

Bulaíocht: Tá polasaí cuimsitheach bulaíochta ag Coláiste Cholmcille.

Cód Iompair do Scoláirí

Tá freagracht ar gach scoláire:

1. Freastal ar scoil go rialta agus a bheith poncúil – a bheith ar scoil ag 9.10 ar maidin, bheith in am do gach rang agus imeacht go dea-bhéasach, pointeáilte ó rang amháin go rang eile.

2. Na leabhair, na cóipleabhair agus an t-ábhar ranga riachtanach a bheith acu.

3. A chuid oibre sa scoil agus sa bhaile a dhéanamh go sásúil, comhoibriú leis an múinteoir agus le scoláirí eile agus gan cur isteach ar chúrsaí teagaisc agus foghlama sa rang.

4. Aire a thabhairt dá chuid leabhar agus fearas scoile. Beidh scoláirí freagrach as aon damáiste a dhéanann siad a shocrú.

5. Culaith éadaigh na scoile a chaitheamh ar scoil gach lá (geansaí marún, léine marún agus treabhsar dubh le bróga dubha) agus í a bheith néata agus glan.

6. Litir mhiniúcháin ó thuismitheoir/caomhnóir a thabhairt ar scoil maidir le:
   (a) bheith mall ag teacht ar scoil.
   (b) as láithreacht (tá dualgas ar thuismitheoir é seo a dhéanamh faoin Acht Oideachais Leasaithe 2000).
   (c) cead a fháil imeacht ón scoil i rith an lae (muna bhfuil nóta ag scoláire, caithfidh an tuismitheoir glaoch nó teacht isteach chuig an scoil).
   (d) obair bhaile gan a bheith déanta.

7. Comhoibriú le polasaithe uilig na scoile, m.sh.:
   - Polasaí Fón Póca
   - Polasaí Bulaíochta
   - Polasaí Obair Bhaile
   - Polasaí ar Mhí-Úsáid Substaintí Mídhleathacha
   - Polasaí Teanga

8. Comhoibriú chun timpeallacht na scoile a choinneáil glan.

9. Bheith airdeallach ar shábháilteacht agus gan é/í féin nó aon duine eile a chur i gcontúirt riamh. Gan aon earraí contúirteach a dhéanfadh dochar dóibh féin nó do mhaoin na scoile a thabhairt ar scoil.

Iompar na Scoláirí sa Rang

- Bí in am don rang, lean treoracha an mhúinteora agus tabhair aird ar threoracha sláinte agus sábháilteachta.

- Nuair a théann tú isteach sa seomra ranga, téigh díreach chuid d'áit agus tóg amach na leabhair, na cóipleabhair &rl atá ag teastáil.

- Bíodh an obair bhaile agus an staidéar déanta don rang.

- Bíodh Dialann Scoile agat agus scríobh an obair bhaile isteach inti.
- Na hábair nó ná déan aon rud a chuirfeadh as don mhúinteoir ná d'aon scoláire eile sa rang.
- Ná hith nó ná hól aon rud sa rang gan cead an mhúinteora. Tá cosc iomlán ar ghuma coganta sa seomra ranga agus i dtimpeallacht na scoile.
- Fág do mhála scoile sa seomra ranga ina raibh tú roimh an sos, le linn am sosa.
- Ná fág an seomra gan chead an mhúinteora.
- Tabhair aird ar threoracha an mhúinteora nuair atá tú ag úsáid fearais agus innealra. Muna ndéanfar é seo, tá an baol ann nach mbeidh cead agat fanacht sa rang nó leanacht ar aghaidh leis an ábhar seo níos mó ar mhaithe le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta.

Iompar i dTimpeallacht na Scoile

- Ná fág an scoil gan cead (níl cead an scoil a fhágáil ag am lóin ach i gcás eisceachtúil).
- Tá cosc iomlán ar chaitheamh toitíní sa scoil agus i dtimpeallacht na scoile.
- Bíodh meas agat ar fhoireann na scoile agus ar do chomhscoláirí. Ná bíodh troid, bulaíocht ná drochchaint ar siúl agat.
- Má bhaineann tú úsáid as an gcóras iompar scoile, fan sa chlós go dtiocfaidh an bus agus cloigh le treoracha an mhúinteora atá ag déanamh maoirseachta ag geata na scoile.

Iompar Taobh Amuigh den Scoil

Beidh Cód Iompair na Scoile i bhfeidhm ar scoláirí a fhad is a bhíonn siad páirteach in imeachtaí scoile atá eagraithe taobh amuigh den scoil.

Caithfidh scoláirí a bhíonn ag taisteal ar bhusanna chuig agus ón scoil/chuig agus ó imeachtaí eile scoile:

- Treoracha na múinteoirí, atá i bhfeighil tar éis scoile, a leanúint.
- Treoracha an tiománaí bus maidir le sábháilteacht ar an mbus a leanúint.
- Na criosanna sábháilteachta, atá curtha ar fáil, a úsáid.
- Meas a bheith acu don bhus féin agus do mhaoin daoine eile.
- Íoc as aon damáiste a dhéantar don bhus.
- A bheith cúramach ag dul ar an mbus agus ag teacht as.

Dea-Iompar a Chothú

Bainfear úsáid as na stráitéisí seo a leanas d'fhonn dea-iompar a chothú sa rang agus i dtimpeallacht na scoile:

- Na scoláirí a bheith páirteach i bhforbairt an chóid iompair.
- Taispeáint do na scoláirí cén fáth a bhfuil an cód tábhachtach agus an ról atá acusan chun é a fheidhmiú.
- Féachaint chuige go bhfuil na caighdeáin iompair soiléir, comhsheasmhach agus go dtuigtear go forleathan iad.
- Tacaíocht na dtuismitheoirí a fháil chun dea-iompar a chothú.
- Caidreamh dearfach idir fhoireann na scoile, scoláirí agus tuismitheoirí, agus atmaisféar sona a chruthú sa scoil.
- Scrúdú a dhéanamh, i gcomhair leis na scoláirí (m.sh. sa rang O.S.P.S.), ar an gcaoi ar chóir do dhaoine caitheamh lena chéile.
- Córas luaíochtaí a fhorbairt chun dea-iompar a aithint:
  m.sh. - focal molta
  - nóta molta sa dialann
  - litir chuig tuismitheoirí
  - gradam 'Scoláire na Bliana'
  - turas lae don rang
  - tuairisc a scríobh sa leabhar iompair

Smachtbhannaí

Spreagann Coláiste Cholmcille dearcadh dearfach ar iompar sa scoil. Táimid an-bhródúil as ár scoláirí agus as na héachtaí atá bainte amach acu i gcúrsaí acadúla, cultúrtha agus spóirt. Cuidíonn dea-iompar go mór le seo. Tá gá, áfach, le smachtbhannaí chun cuidiú le bainistíocht na scoile, le múinteoirí agus le scoláirí oibriú i dtimpeallacht sábháilte atá feiliúnach don fhoghlaim.

Múinteoirí

Tá gach múinteoir ar leith freagrach as smacht taobh istigh dá rang féin. Mar fhreagra ar iompar míchuí, d'fhéadfadh sé/sí úsáid a bhaint as na smachtbhannaí seo:

- Comhairle a chur ar an scoláire.
- Ceacht breise a thabhairt.
- Nóta a chur i ndialann an scoláire le taispeáint do na tuismitheoirí.
- Scoláire a chur chuig seomra eile le cead an mhúinteora sin.

- Scoláire a chur i ngéibheann ag am lóin ar feadh lá amháin.
- Cárta Iompair – cuntas de mhí-iompar a scríobh ar an gcárta.
- Córas Smachta – cuntas de mhí-iompar a bhreacadh sa gCóras Smachta.

Nuair a bhíonn líon áirithe pointí do eachtraí mhí-iompar gCóras Smachta nó aon ghníomh tromchúiseach ar an gCóras, téann an cás ar aghaidh chuig an Múinteoir Ranga, Príomhoide, an Leas-Phríomhoide nó an Múinteoir i bhFeighil (ag brath ar leanúnachas, tromchúisí eachtraí &rl).

Múinteoir Ranga/Príomhoide/Leas-Phríomhoide/Múinteoir i bhFeighil

Is féidir leis an Múinteoir Ranga/Príomhoide/Leas-Phríomhoide/Múinteoir i bhFeighil:

- Comhairle a chur ar an scoláire.
- Iompar an scoláire a phlé le tuismitheoir/caomhnóir ar an bhfón.
- Castáil le tuismitheoir/caomhnóir chun iompar an scoláire a phlé.
- Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm, m.sh.:
    - An scoláire a thógáil as an rang go sealadach.
    - An scoláire a chur i ngéibheann ag am lóin.
    - Pribhléidí a tharraingt siar, m.sh. (i gcomhair le Bainistíocht na Scoile)
        - Dul ar thuras scoile nó chuig cluiche.
        - An scoláire a chur ar Chárta Tuairisce.
        - Fionraí.

Cárta Tuairisce

Is féidir scoláire a chur ar Chárta Tuairisce chun monatóireacht a dhéanamh ar a iompar agus chun cuidiú lena iompar a fheabhsú. Scríobhfaidh gach múinteoir cuntas ar iompar, poncúlacht agus obair rang/bhaile an scoláire ar an gcárta ag deireadh an ranga. Beidh an cárta seo ag an scoláire ar feadh seachtaine, go hiondúil, agus cuirfear an tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas i scríbhinn.

Córas Smachta

I gcás mí-iompar tromchúiseach nó leanúnach, beidh cead ag na múinteoirí tuairisc a scríobh sa ar angCóras Smachta, chomh maith le dáta, síniú agus comhairle tugtha. Nuair is gá, cuirfear scolairí & tuismitheoirí ar an eolas maidir le céard atá breactha ar an gCóras.

Fionraí

- Féadfaidh an Príomhoide nó an Príomhoide Gníomhach (i.e. an Leas-Phríomhoide nó an Múinteoir i bhFeighil) scoláire a chur ar fionraí.
- Má bhíonn fionraí níos mó ná trí lá á mheas, nó i gcás gurb ionann an fionraí iomlán agus níos mó ná fiche lá sa scoilbhliain reatha, cuirfear an cás faoi bhráid Bord Bainistíochta na Scoile.
- Tabharfar fógra i scríbhinn (nó ar an bhfón agus i scríbhinn) do thuismitheoirí/chaomhnóirí an scoláire maidir leis an gcinneadh é/í a chur ar fionraí (agus don scoláire é/í féin má tá sé/sí ós cionn ocht mbliana déag d'aois).
- Tabharfar cuireadh do na tuismitheoirí/caomhnóirí coinne a dhéanamh le bainistíocht na scoile chun iompar an scoláire a phlé.
- Cuirfear in iúl do na tuismitheoirí gur féidir leo achomharc a dhéanamh.

Díbirt

Tá cead ag Bord Bainistíochta na Scoile, faoin Acht Oideachais 1998, scoláire a dhíbirt ar fad ón scoil i gcásanna tromchúiseacha mí-iompair.

- Déanfaidh bainistíocht na scoile gach iarracht dul i ngleic leis an mí-iompar sula ndéanfar cinneadh scoláire a dhíbirt.
- Déanfar imscrúdú sonrach ar an gcás faoi stiúir an Phríomhoide.
- Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí (agus an scoláire má tá sé/sí ós cionn ocht mbliana déag d'aois) ar an eolas, i scríbhinn, faoin mhí-iompar líomhnaithe agus tabharfar deis dóibh freagairt don ghearán go raibh mí-iompar tromchúiseach i gceist.
- Má bhíonn an Príomhoide den tuairim, bunaithe ar an imscrúdú, go bhfuil díbirt tuilte ag an scoláire, cuirfidh sé moladh faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta.
- Beidh deis ag na tuismitheoirí/caomhnóirí, nó ag scoláire atá ocht mbliana déag d'aois nó níos sine, a gcás a chur ós comhair an Bhoird.
- Sa chás go ndéanann an Bord Bainistíochta cinneadh scoláire a dhíbirt ón scoil, tabharfar fógra don Oifigeach Leasa Oideachais agus cuirfear in iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí gur féidir leo achomharc a dhéanamh.

Achomharc a dhéanamh

Tá cead ag tuismitheoirí, nó scoláire atá ós cionn ocht mbliana déag d'aois, achomharc a dhéanamh chuig Coiste Gairmoideachais Cho. na Gaillimhe, de réir mír 29 den Acht Oideachais 1998:

- Sa chás go mbíonn gasúr curtha ar fionraí le haghaidh níos mó ná fiche lá sa scoilbhliain reatha.
- Sa chás go ndéanann an Bord Bainistíochta cinneadh scoláire a dhíbirt ón scoil.

Sárú Tromchúiseach ar an gCód Iompair

Mar threoir do thuismitheoirí agus do scoláirí, seo liosta de chuid de na rudaí a mbreathnófar orthu mar shárú tromchúiseach ar an gCód Iompair:

- Ionsaí fisiciúil a dhéanamh ar bhall d'fhoireann na scoile nó ar scoláire eile.
- Ionsaí ó bhéal nó bagairt a dhéanamh ar bhall de fhoireann na scoile.
- Ionsaí ó bhéal nó bagairt a dhéanamh ar scoláire.
- Bulaíocht – féach ar Pholasaí Bulaíochta na scoile.
- Goid, mór-damáiste a dhéanamh do mhaoin na scoile, do mhaoin fhoireann na scoile nó scoláire eile.
- Úsáid a bhaint as alcól, drugaí nó aon ábhar mí-dhleathach eile sa scoil, i dtimpeallacht na scoile nó le linn imeachtaí scoile taobh amuigh den scoil.

Tá **Polasaí Iompair na Scoile** léite agam agus tuigim é.

Tá mé _____ (scoláire), Rang _____,

sásta glacadh leis.

Dáta: _____

Tá **Polasaí Iompair na Scoile** léite agam agus tuigim é.

Tá mé _____ (tuismitheoir/caomhnóir) sásta

glacadh leis.

Dáta: _____